Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2023
(OR. en)**

**15217/23**

**STATIS 74
SOC 749
ENV 1267
ENER 607
EMPL 542
EDUC 430
ECOFIN 1161
DELACT 177**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7406 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 7.11.2023<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus óngComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2025 'Fuinneamh agus an comhshaol' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7406 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7406 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.11.2023
C(2023) 7406 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 7.11.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2025 'Fuinneamh agus an comhshaol' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700[1] leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí. Tugann sé de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal athróga na dtacar sonraí éagsúil. De réir Airteagal 6(2), níor cheart líon na n-athróg a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe a dhul thar 5 % de líon na n-athróg do gach fearann atá á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) an 3 Samhain 2019.

De réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, soláthrófar an méid seo a leanas le fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála thar thréimhse 6 bliana:

(a) bunsonraí; (b) sonraí 3 bliana agus 6 bliana ar sheacht n-ábhar athfhillteacha; agus (c) sonraí maidir le trí ábhar *ad hoc*.

De réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256[2] ón gCoimisiún, i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, tá an t-ábhar *ad hoc* 'Fuinneamh agus an comhshaol' le bailiú in 2025. Dá bhrí sin, is gá gníomh tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg le haghaidh an ábhair *ad hoc* sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta i réimse an staidrimh shóisialta mar chuid de chruinniú an ghrúpa saineolaithe maidir le liosta na n-athróg atá le cur san áireamh sa ghníomh tarmligthe. Chuathas i gcomhairle le Stiúrthóirí Eorpacha an Staidrimh Shóisialta i mí an Mheithimh 2023. Chuathas i gcomhairle le baill den Mheitheal Ioncaim agus Dálaí Maireachtála i mí na Nollag 2022, mí Aibreáin 2023, agus mí na Bealtaine 2023. Chuathas i gcomhairle le baill den tascfhórsa um fhorbairtí modheolaíochta i staidreamh an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála (EU-SILC) i mí an Mhárta 2023. Chuathas i gcomhairle freisin le grúpa saineolaithe Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 2025 a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700.

---

1 Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú.

I gcomhcheangal leis na hathróga bliantúla a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2242, ní rachaidh líon na n-athróg a bheidh le bailiú in 2025 thar 5 % de líon na n- athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála tráth a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm, agus dá bhrí sin comhlíontar ceanglas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus, dá bhrí sin, ba cheart LEE a chuimsiú ina chur chun feidhme.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.11.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2025 'Fuinneamh agus an comhshaol' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh a bhunófar ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98[3] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Soláthraítear le fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/1700, an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach[4] agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[5], go háirithe maidir le dáileadh ioncaim, leis an mbochtaineacht agus le heisiamh sóisialta. Soláthraítear leis freisin faisnéis le haghaidh beartais éagsúla eile an Aontais a bhaineann le dálaí maireachtála agus leis an mbochtaineacht.

(2) Is ríthábhachtach an t-ábhar *ad hoc* a bheidh le bailiú in 2025 maidir le 'Fuinneamh agus an comhshaol' i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256[6] ón

---

3 IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

4 Is é an Seimeastar Eorpach creat an Aontais Eorpaigh maidir le comhordú agus faireachas beartas eacnamaíoch agus sóisialta.

5 D'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta in 2017 ag Cruinniú Mullaigh Göteborg. Leagtar amach sa Cholún 20 príomhphrionsabal a bheidh ina dtreoir againn i dtreo Eoraip láidir shóisialta atá cothrom, ionchuimsitheach agus lán deiseanna sa 21ú haois.

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú.

gCoimisiún, go háirithe i bhfianaise na Teachtaireachta 'Oiriúnach do 55'[7] ón gCoimisiún lena mbeartaítear togra le haghaidh moladh[8] maidir le haistriú i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.

(3) Ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 'Fuinneamh agus an comhshaol' a shonrú.

(4) De bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, níor cheart líon na n-athróg a bheidh le bailiú a dhul thar 5 % de líon na n-athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála amhail an 3 Samhain 2019.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is san Iarscríbhinn a leagtar amach líon agus teideal na n-athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 2025 maidir le 'Fuinneamh agus an comhshaol' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

---

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún '"Oiriúnach do 55": lena mbaintear Sprioc Aeráide 2030 an Aontais amach ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta', COM(2021) 550 final.

8 Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, COM(2021) 801 final.